

ELeathanach246

Dé Luain 14 Samhain 2016

Web Summit

Bhí an chomhdháil *Web Summit* ar siúl i Lisbon an tseachtain seo caite. Bhí a lán daoine cáiliúla ag caint faoin teicneolaíocht ag an gcomhdháil. Bhí Ja Rule, Tinie Tempah, Lily Cole ann. Bhí 50,000 duine i láthair.

Bhí a lán daoine ag caint faoin réaltacht fhíorúil. I gceann cúpla bliain beidh an teicneolaíocht seo sa seomra ranga! Bhí páistí scoile i láthair Déardaoin agus bhain siad an-taitneamh as an *Web Summit!* Beidh sé ar siúl an bhliain seo chugainn i Lisbon arís.

Bhí an chomhdháil ar siúl i mBaile Átha Cliath an bhliain seo caite.



Crith Talún

Bhí crith talún eile sa Nua-Shéalainn. Bhain sé 7.8 amach ar scála Richter. Fuair beirt bás. Tharla súnámaí ina dhiaidh sin a bhí 2 mhéadar in airde.

Bhí ar na mílte duine a dtithe a fhágáil. Tá cúpla bóthar dúnta. Tharla an crith talún 90km ó Christchurch. Fuair 185 duine bás sa chrith talún deireanach i mí Feabhra 2011.

Conor McGregor

Bhuaigh Conor McGregor i gcoinne Alvarez Dé Sathairn. Bhí an troid ar siúl i Nua Eabhrac i Madison Square Garden. Tá 2 theideal ag Conor anois agus tá an-áthas air!

Donald Trump

Is é Donald Trump an tUachtarán nua i Meiriceá. Bhí an-áthas ar Donald Trump agus ar a chlann. Bhí díomá an domhain ar Hilary Clinton. Bhí a fear céile, Bill Clinton, ina Uachtarán ó 1993-2001.



X Factor

An téama a bhí ar an gclár ná 'dioscó'. Bhí ar Ryan agus Sam canadh arís ar an gclár Dé Domhnaigh.

Bhí díomá an domhain ar an mbeirt acu. Chan Sam an t-amhrán 'No More Drama' le Mary J Blige. Chan Ryan amhrán le Oasis.

D'fhág Sam an clár toisc nach bhfuair sí go leor vótaí. Bhí an-díomá ar Simon Cowell.



An Chomhairle um Oideachas
Gaeilteachta & Gaelscolaíochta



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath- Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
OÉMN, i gcomhpháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.

